



EBA/GL/2023/05

13.06.2023

Treoirlínte lena leasaítear Treoirlínte EBA/GL/2022/01 maidir le hinréiteacht a fheabhsú d’institiúidí agus d’údaráis réitigh faoi Airteagail 15 agus 16 de Threoir 2014/59/AE (Treoirlínte maidir le hInréiteacht) chun mír nua a thabhairt isteach maidir le tástáil inréiteachta

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte, leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil na Treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó an bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a lua le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 25.10.2023. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2023/05' uirthi. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar stádas an chomhlíonta a thuairisciú do ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhíthe

Ábhar

5. Leis na treoirlínte sin, leasaítear na Treoirlínte maidir le hinréiteacht a fheabhsú d’institiúidí agus d’údaráis réitigh faoi Airteagail 15 agus 16 de Threoir 2014/59/AE an 13 Eanáir 2022 (EBA/GL/2022/01)² (‘na Treoirlínte’).
6. Tá forálacha na dTreoirlínte nach leasaítear leis na treoirlínte seo fós i bhfeidhm agus leanfaidh siad d’fheidhm a bheith acu.

3. An dáta iarratais

7. Beidh feidhm leis na treoirlínte ón 1 Eanáir 2024.

4. Leasuithe ar na Treoirlínte maidir le hInréiteacht³

8. Leasaítear mír 5 de na Treoirlínte maidir le hInréiteacht mar a leanas:

‘5. Sonraítear sna treoirlínte sin, ag féachaint d’Airteagail 10(5) agus 11(1) de Threoir (AE) 2014/59⁴, na gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le huirlis réitigh ar cheart d’institiúidí lena n-áirítear eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1) (“institiúidí”) agus d’údaráis réitigh a dhéanamh chun inréiteacht institiúidí, grúpaí agus grúpaí réitigh a fheabhsú i

² <https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/recovery-and-resolution/guidelines-institutions-and-resolution-authorities-improving-resolvability>

³ Treoirlínte EBA/GL/2022/01 maidir le hinréiteacht a fheabhsú d’institiúidí agus d’údaráis réitigh faoi Airteagail 15 agus 16 de Threoir 2014/59/AE (Treoirlínte maidir le hInréiteacht).

⁴ Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).



gcomhthéacs an mheasúnaithe inríteachta arna dhéanamh ag údaráis réitigh de réir Airteagal 15 agus 16 den Treoir sin.’

9. Leasaítear mír 7 de na Treoirlínte maidir le hInríteacht mar a leanas:

‘7. Níl feidhm ag na treoirlínte seo maidir le hinstiúidí a bhforáiltear lena bplean réitigh, nó le plean réitigh an ghrúpa lena mbaineann siad, go ndéanfar iad a fhoirceannadh ar bhealach ordúil i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme. I gcás athrú straitéise, go háirithe ó leachtú go réiteach, beidh feidhm ag na treoirlínte tráth nach déanaí ná trí bliana ón dáta a formheasadh an plean réitigh leis an straitéis réitigh nua, cé is moite de roinn 4.6, a mbeidh feidhm aige tráth nach déanaí ná bliain amháin ón dáta sin.’

10. Leasaítear mír 10 de na Treoirlínte maidir le hInríteacht mar a leanas:

‘10. I gcás instiúidí atá mar chuid de ghrúpa atá faoi réir maoirseachta comhdhlúite de bhun Airteagal 111 agus Airteagal 112 de Threoir 2013/36/AE, tá feidhm ag na treoirlínte ar leibhéal gach grúpa réitigh agus, i gcás inarb ábhartha, ar an leibhéal aonair freisin. Tá feidhm ag Roinn 4.6 agus Roinn 4.7 freisin ar leibhéal fochuideachtaí trasteorann ar eintitis neamhréitigh iad, i gcás ina sáraíonn an t-íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe mar a leagtar síos in Airteagal 45f de Threoir 2014/59/AE an méid is leor chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 45c(2) den Treoir sin.

11. Leasaítear teideal roinn 3 de na Treoirlínte maidir le hInríteacht mar a leanas:

‘3. Cur chun feidhme agus forálacha idirthréimhseacha’

12. Tar éis mhír 13 de na Treoirlínte maidir le hinríteacht, cuirtear isteach míreanna 13a, 13b agus 13c nua mar a leanas:

‘13a. Ba cheart d’instiúidí an chéad tuarascáil féinmheasúnaithe dá dtagraítear i mír 124 a chur faoi bhráid na n-údarás réitigh faoin 31 Nollaig 2024.

13b. De mhaolú ar mhír 132, ba cheart do na húdaráis réitigh an chéad chlár tástála inríteachta dá dtagraítear i mír 130 a chur in iúl faoin 31 Nollaig 2025.

13c. Ba cheart do na hinstiúidí dá dtagraítear i mír 138 den chéad mháistirleabhar beartaíochta dá dtagraítear sa mhír sin a chur faoi bhráid na n-údarás réitigh faoin 31 Nollaig 2025.’

13. Leasaítear mír 56, fohmír (e), mar a leanas:

‘e. síniú a chur leis na príomhspríocanna insólathartha agus socruithe leordhóthanacha tarmhligin a áirithiú ina leith sin, mar chuid de shásraí rialaithe agus dearbhaithe inmheánacha iomchuí (amhail na teimpléid tuairiscithe réitigh agus an tuarascáil féinmheasúnaithe);’



14. I ndiaidh roinn 4.5, cuirtear ranna nua 4.6, 4.7 agus 4.8 agus míreanna 124 go 129, 130 go 137 agus 138 go 142, faoi seach, isteach sna Treoirlínte mar a leanas:

4.6. Tuarascáil féinmheasúnaithe

124. Ba cheart d’institiúidí tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an údaráis réitigh ábhartha gach dhá bhliain ar a laghad, i gcás ina ndéanfaidh siad féinmheasúnú féachaint an gcomhlíonann siad na cumais a leagtar amach i roinn 4.1 go roinn 4.5 agus i roinn 4.8 de na treoirlínte sin, agus i ranna 4 agus 5 de na Treoirlínte maidir le hInaistritheacht chun an measúnú inríteachta maidir le straitéisí aistrithe a chomhlánú (Treoirlínte maidir le hInaistritheacht)⁵, agus aird á tabhairt ar aon aiseolas a gheofar ó údaráis laistigh den dá bhliain, lena n-áirítear *inter alia* na heilimintí seo a leanas:

- a. An chéim ag a gcomhlíontar an cumas (íseal, meánach, ard, neamhbhainteach);
- b. Tuairisc ar an gcaoi a gcomhlíontar an cumas nó an fáth a meastar nach bhfuil sé infheidhme faoi phointe a;
- c. Measúnú ar bhearna maidir le cumais inríteachta mar a leagtar amach sna treoirlínte seo agus cumais na hinstiúide, maidir leis an gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin agus cathain;
- d. Tuairisc ar an gcaoi a bhfuil an cumas leabaithe sa ghnó mar is gnách (BAU);
- e. Tuairisc ar an gcaoi a mbaineann an cumas le pleanáil téarnaimh na hinstiúide (e.g. an bhfuil leanúnachas oibríochtúil i socruithe réitigh ag tacú le roghanna téarnaimh amhail diúscairtí, nó socruithe téarnaimh atá gearáilte chun tacú le réiteach);
- f. Aon mheasúnú inmheánach nó seachtrach a rinneadh ar an gcaoi ar chuir an institiúid na treoirlínte sin i bhfeidhm, lena n-áirítear tuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha, measúnuithe sainchomhairleoirí seachtracha, rití trialach nó athbhreithnithe maoirseachta;
- g. Aon ábhar breise arna leagan amach ag an údarás réitigh ábhartha (e.g. ceachtanna a foghlaimíodh ón gcor chun donais a tharla le déanaí nó ó theagmhas margaidh).

125. San achoimre feidhmiúcháin ar a bhféinmheasúnú a leagtar amach i mír 124, ba cheart d’institiúidí an méid seo a leanas a dhéanamh:

⁵ Treoirlínte EBA/GL/2022/11 d’institiúidí agus d’údaráis réitigh chun an measúnú inríteachta le haghaidh straitéisí aistrithe a chomhlánú (Treoirlínte maidir le hInaistritheacht).



- a. a dtuiscint ar an straitéis réitigh arna sainaitheint ag an údarás réitigh, agus ar a ról agus ról an údaráis nó na n-údarás i gcur chun feidhme na straitéise sin, a leagan amach;
- b. tuairisc a thabhairt ar a gcreat tástála agus dearbhaithe lenar féidir leo a áirithiú go bhfuil sé d'acmhainn acu tacú le feidhmiú na straitéise réitigh ar bhonn leanúnach;
- c. achoimre a dhéanamh ar a bhféinmheasúnú de réir príomhréimsí inríteachta mar seo a leanas:
 - i. Rialachas;
 - ii. Leanúnachas oibríochtúil i réiteach (OCIR) agus rochtain ar BMAnna⁶;
 - iii. Cumas ionsúcháin caillteanais agus cumas athchaipitliúcháin;
 - iv. Leachtacht agus cistiú i gcás réitigh;
 - v. MIS⁷;
 - vi. Cumarsáid;
 - vii. Inaistritheacht agus athstruchtúrú.

126. Ba cheart d'institiúidí tuarascálacha a chur faoi bhráid an údaráis réitigh gach dhá bhliain ar a laghad. Ba cheart an chéad tuarascáil a chur isteach faoin 31 Nollaig 2024.

127. I gcomhthéacs grúpaí réitigh trasteorann, ba cheart don eintiteas réitigh an tuarascáil féinmheasúnaithe a thuairisciú don údarás réitigh ar leibhéal an ghrúpa (nó don údarás réitigh ábhartha i gcás straitéis MPE) nó don eintiteas neamhréitigh don údarás réitigh áitiúil.

128. Nuair a tháirgfear é, ba cheart féinmheasúnú an eintitis neamhréitigh a fhorbairt ar bhonn na straitéise réitigh grúpa agus i gcomhar leis an eintiteas réitigh.

129. Chun críche na tuarascála féinmheasúnaithe dá dtagraítear i mír 124, ba cheart d'institiúidí cloí leis an bhformáid arna soláthar ag a n-údarás réitigh.

4.7. Clár tástála ilbhliantúil

130. Ba cheart do na húdarás réitigh, ag féachaint don tuarascáil féinmheasúnaithe dá dtagraítear i roinn 4.6, agus go háirithe d'éilimintí arna n-iarraidh faoi 124 (d-f), clár tástála inríteachta ilbhliantúil a ghlacadh le haghaidh institiúidí atá faoina sainchúram. Ba cheart go

⁶ Bonneagair margaidh airgeadais.

⁷ Córais faisnéise bainistíochta.



n-áireofaí sa chlár na cumais go léir a leagtar amach sna treoirlínte seo agus sna Treoirlínte maidir le hInaistritheacht de chuid ÚBE⁸.

131. Ba cheart go gcumhdódh sé tréimhse trí bliana (is tréimhse tháscach an dá bhliain dheireanacha) chun go mbeidh institiúidí in ann barr feabhais a chur ar a gcuid iarrachtaí pleanála réitigh. Ba cheart don údarás réitigh é a thabhairt cothrom le dáta nó a dheimhniú gach bliain. Ba cheart toradh a athbhreithnithe bhliantúil a chur in iúl do na hinstiúidí gan moill mhíchuí.
132. Ba cheart do na húdaráis réitigh an clár tástála inréiteachta dá dtagraítear i mír 130 agus a nuashonruithe nó dearbhuithe bliantúla dá dtagraítear i mír 131 a chur in iúl d’institiúidí, mar aon leis an achoimre ar an bplean réitigh agus an measúnú inréiteachta de réir Airteagal 10(7)(a) de Threoir 2014/59/AE ar a dhéanaí.
133. Ba cheart do na húdaráis réitigh, ag féachaint don liosta neamh-uileghabhálach a leagtar amach in larscríbhinn 4, a leagtar amach sa chlár tástála inréiteachta (dá dtagraítear i mír 130), raon na measúnuithe, na dtástálacha, na modheolaíochtaí, na gcleachtas agus na n-uirlisí atá beartaithe acu a úsáid chun leordhóthanacht na socrúithe arna gcur i bhfeidhm ag institiúidí chun tacú le feidhmiú a straitéise réitigh a thástáil.
134. Agus rogha na dteicnící tástála á meas ina gclár tástála inréiteachta a leagtar amach i mír 130, ba cheart do na húdaráis réitigh cur chuige rioscabhunaithe a leanúint ar bhonn phróifíl riosca, méid agus samhail ghnó na n-institiúidí (e.g. catagóiríú SREP⁹), mar aon le scór foriomlán SREP¹⁰ agus an méid seo a leanas a mheas:
- a. An dul chun cinn maidir le hinréiteacht nó a mhéad a chomhlíontar na cumais inréiteachta a leagtar amach sna treoirlínte seo; agus
 - b. Cáilíocht fhoriomlán na hoibre dearbhaithe inréiteachta inmheánaí a léirítear sa tuarascáil féinmheasúnaithe.
135. I gcomhthéacs grúpaí réitigh trasteorann, ba cheart plé a dhéanamh ar an gclár tástála inréiteachta ilbhliantúil idir na húdaráis réitigh ar leibhéal an ghrúpa agus údaráis réitigh na bhfochuideachtaí atá faoi réir na dtreoirlínte seo.
136. I gcás grúpaí trasteorann, ba cheart d’údarás réitigh an eintitis réitigh nó do na húdaráis réitigh óstacha clár tástála inréiteachta ilbhliantúil na n-eintiteas réitigh, lena n-áirítear na tástálacha atá mar chuid de, a chur i gcrích i gcomhar le húdarás réitigh an eintitis réitigh – de réir mar a chomhaontaíonn siad eatarthu.

⁸ EBA/GL/2022/11.

⁹ Ciallaíonn ‘catagóiríú SREP’ an táscaire ar thábhacht shistéamach na hinstiúide arna sannadh bunaithe ar mhéid agus ar chastacht na hinstiúide agus ar raon feidhme a gníomhaíochtaí. Féach freisin mír 2.1.1 de Threoirlínte ÚBE SREP athbhreithnithe (EBA/GL/2022/03).

¹⁰ Féach an sainmhíniú i dTreoirlínte ÚBE SREP athbhreithnithe (EBA/GL/2022/03) lch. 21. Ciallaíonn ‘scór foriomlán SREP’ an táscaire uimhriúil ar an riosca foriomlán d’inmharthanacht na hinstiúide bunaithe ar mheasúnú foriomlán SREP.



137. Ba cheart do na húdaráis réitigh torthaí aon tástálacha a dhéantar i gcomhréir leis an gclár tástála inréiteachta dá dtagraítear i mír 130 a roinnt leis an institiúid agus, i gcás grúpa trasteorann, le comhaltaí an choláiste réitigh ar a laghad.

4.8. Máistirleabhar beartaíochta

138. Ba cheart don mháthairghnóthas de chuid an Aontais agus d'eintitis réitigh an ghrúpa réitigh atá faoi réir Airteagal 92a nó 92b de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó a bhfuil sócmhainní iomlána níos mó ná EUR 100 billiún acu ar leibhéal an ghrúpa réitigh, agus iad siúd arna n-ainmniú ag an údarás réitigh ábhartha nach bhfuil faoi réir Airteagal 92a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus atá mar chuid de ghrúpa réitigh ar lú ná EUR 100 billiún a shócmhainní iomlána ach ar mheas an t-údarás réitigh gur dócha le réasún go mbainfeadh riosca sistéamach leo i gcás ina gclisfeadh air i gcomhréir le hAirteagal 45c(6) de Threoir 2014/59/AE, ba cheart dóibh máistirleabhar súgartha a fhorbairt.

139. Ba cheart an máistirleabhar beartaíochta a iarraidh ar institiúidí seachas na hinstitiúidí sin atá ainmnithe i mír 138 nuair a mheasann an t-údarás inréiteachta go bhfuil údar leis mar gheall ar chastacht na heagraíochta agus ar an ngá atá ann dá bharr sin le hardleibhéal comhordaithe ar na cumais inréiteachta.

140. Ba chóir go mbeadh an máistirleabhar beartaíochta¹¹:

- a. príomhróil agus príomhfhreagrachtaí na bainistíochta sinsearaí a shainiú sa tréimhse roimh an réiteach agus lena linn;
- b. an t-ábhar agus na tréimhsí ama a leagan amach ar cheart don lucht bainistíochta cinntí a dhéanamh ina leith sa tréimhse roimh ré agus le linn réitithe;
- c. na trucir a leagan amach chun foleabhair bheartaíochta a ghníomhachtú (máistirleabhar beartaíochta tarrthála inmheánaí, máistirleabhar beartaíochta aistrithe, pleananna teagmhasacha le haghaidh rochtain ar BMAnna, cumarsáid);
- d. leagfar amach ann foinse, spriocdhátaí agus formáid na bhfoinsí faisnéise a thacóidh leis na cinntí sin ón mbord;
- e. an chaoi a n-idirghníomhaíonn na heilimintí éagsúla d'fhorghníomhú na straitéise réitigh le chéile a léiriú agus, go háirithe, an méid seo a leanas:
 - i. Forghníomhú tarrthála inmheánaí (leabhar beartaíochta tarrthála inmheánaí);
 - ii. Leabhar beartaíochta aistrithe (i gcás inarb ábhartha);

¹¹ Tugtar cur síos ar leibhéal in Iarscríbhinn 5 ar ailtireacht an mháistirleabhair beartaíochta.



- iii. Luacháil;
- iv. Cistiú agus leachtacht i gcás réitigh (lena n-áirítear faireachán nó maoiniú ar chomhthaobhacht sa straitéis réitigh);
- v. Rochtain ar BMAAnna (lena n-áirítear pleananna teagmhasacha);
- vi. Leanúnachas oibríochtúil (lena n-áirítear catalóg seirbhíse);
- vii. Plean atheagrúcháin gnó.

141. Ba cheart d’institiúidí a máistirleabhar beartaíochta a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad nó tar éis athrú ar a struchtúr dlíthiúil nó eagraíochtúil nó athrú ar a ndálaí oibríochtúla nó airgeadais a bhféadfadh éifeacht ábhartha a bheith aige ar an máistirleabhar beartaíochta nó a d’fhéadfadh athrú ar an máistirleabhar beartaíochta sin a bheith riachtanach. Ba cheart toradh a athbhreithnithe bhliantúil a chur in iúl do na húdaráis réitigh gan moill mhíchuí.

142. I ndiaidh larscríbhinn 3 de na Treoirínte inréiteachta, cuirtear isteach larscríbhinn 4 agus larscríbhinn 5 mar a leanas:

Iarscríbhinn 4 – liosta neamhchuimsitheach de mhodhanna atá ar fáil d’institiúidí le haghaidh obair dhearbhaithe nó d’údaráis le haghaidh tástála

a. Féindeimhniúchán	I gcás ina bhféindeimhníonn an institiúid go bhfuil rial á comhlíonadh aici.
---------------------	--

b. Féinmheasúnú	Is éard atá i gceist le féinmheasúnú an measúnú a dhéanann an institiúid ar a cumais féin na cúraimí a iarrtar a dhéanamh go tráthúil agus chun an cháilíocht a bhfuiltear ag súil léi a chomhlíonadh. Leis an bhféinmheasúnú glactar le hathbhreithniú ar na próisis agus ar na nósanna imeachta atá ann cheana, agus b’fhéidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó chásanna struis a bhí ann roimhe seo. Mar thoradh ar fhéinmheasúnú, déantar anailís ar bhearnaí idir cumais na hinstitiúide agus ionchais an údaráis.
-----------------	---

c. Torthaí na gcóras nó na tástála inmheánaí a chomhroinnt go daingean trí thaispeántais d’údaráis nó trí thástáil céim ar chéim	Rianaíonn ‘tástáil céim ar chéim’ oibríocht trí MIS nó trí nósanna imeachta ón uair a bunaíodh é go dtí an diúscairt deiridh.
--	---

d. Druil dóiteáin	Próiseas-díríthe, fócasaithe agus seiceáil sholúbtha sochreidteachta de chéimeanna roghnaithe i máistirleabhar beartaíochta.
-------------------	--



e. Rith trialach	<p>Cleachtaí ionsamhlúcháin fíorshaoil is ea rití trialach ina ndéanann institiúidí tástáil ar chodanna (roghnaithe) de na gnéithe arna sainaitheint ag an údarás réitigh bunaithe ar theagmhas géarchéime tástála, agus réimsí a shainaitheint a bhféadfaí feabhas a chur orthu chun a áirithiú gur féidir an straitéis réitigh a chur chun feidhme go héifeachtach agus go tráthúil.</p>
f. Cleachtadh deisce	<p>An chéad chéim chun máistirleabhair bheartaíochta a fheabhsú agus caighdeánú, comhsheasmhacht agus ailíniú a áirithiú leis na ceanglais maidir le príomhphróisis a dhoiciméadú trí chéimeanna aonair, lena n-áirítear uainiú, freagrachtaí agus spleáchais.</p> <p>Tástáil chúloifige ina ndéantar figiúirí a réiteach idir doiciméid éagsúla chun cruinneas agus iontaofacht tacar sonraí a mheas.</p>
g. Iniúchadh in-mheánach	<p>Athbhreithniú ar na cumais inríteachta trí iniúchadh inmheánach, mar chuid d’obair dhearbaithe a n-institiúide le haghaidh inríteacht leanúnach.</p>
h. Fíorú neamhspleách tríú páirtí	<p>Athbhreithniú ar na cumais inríteachta ag saineolaí tríú páirtí.</p>
i. Anailís mhion agus dhomhain	<p>Grinn-athbhreithniú ar ábhar ar leith a rinneadh in áitreabh na hinstiúide thar amlíne réamhshainithe.</p>
j. Cigireacht ar an láthair	<p>Is ionann cigireachtaí ar an láthair agus imscrúduithe agus tástáil arna ndéanamh ag údaráis a bhfuil raon feidhme agus creat ama réamhshainithe acu agus a dhéantar ar áitreabh na n-institiúidí. Ba cheart go mbeadh na cigireachtaí ionsáiteach agus cloí le prionsabal na comhréireachta san am céanna agus é mar aidhm acu léargas mionsonraithe a thabhairt ar leordhóthanacht agus ar fhorghníomhú na bpróiseas.</p>

Iarscríbhinn 5 – Máistirleabhar beartaíochta

Ailtireacht ard-leibhéal léiritheach mháistirleabhair beartaíochta:



